# Acmhainní
# Teagaisc

## “Is mór an dochar a dhéanann an teicneolaíocht do dhaoine óga”



### Díospóireacht

*A chathaoirligh, a mholtóirí, a chomhscoláirí…*



### Scríobh díospóireacht duit féin

*Leanann aos óg an lae inniu an dea-chomhairle a thugtar dóibh maidir leis an teicneolaíocht*

# Is mór an dochar a dhéanann an teicneolaíocht do dhaoine óga

A Chathaoirligh, a mholtóirí, a chomhscoláirí agus a lucht an fhreasúra, tá an rún seo go hiomlán fíor i mon thuairimse. Is mór an dochar a bhaineann leis an teicneolaíocht mura mbímid cúramach léi. A bheith cúramach - is é sin an rud is tábhachtaí!

Níl aon dabht ach gur tháinig feabhas mór ar shaol an chine dhaonna ó thosaigh ré na teicneolaíochta san aois seo caite. Is mór an buntáiste dúinn iad an ríomhaire agus na bogearraí go léir atá ar fáil inniu. Baineann siad le gach gné den saol - siamsa, taisteal, agus cúrsaí gnó. Ar ndóigh, baineann daoine óga idir thaitneamh agus tairbhe as nithe mar ghutháin phóca, an t-idirlíon agus consóil cluichí. Ach, a dhaoine uaisle, níl aon dabht ach go bhfuil baol ag baint leis na gléasanna sin chomh maith.







Maidir leis an nguthán póca, cá mbeimis gan é? Nach iontach an gléas é in am na práinne? Cé mhéad dalta scoile a bhíonn ag brath air chun teagmháil a dhéanamh lena dtuismitheoirí agus lena gcairde? Is saineolaithe iad daoine óga inniu ar an gcaoi is tapúla le teachtaireacht a scríobh agus a sheoladh. Ach arís, tá taobh diúltach ag baint leis an scéal. Nach minic a chloisimid tuairiscí ar na meáin chumarsáide faoin méid bulaíochta a dhéantar trí húsáid a bhaint as gutháin phóca.

Áís iontach ia ea an t-idirlíon chomh maith. Cabhraíonn sé linn, mar shampla, chun taighde a dhéanamh le haghaidh oabir scoile. Is iontach an rud é a bheith in ann teachtaireachtaí a sheoladh chuig ár gcairde freisin. Agus tá TikTok ar cheann de na modhanna cumarsáide is taitneamhaí atá ar fáil inniu. Ach ná déanaimis dearmad ar an méid droch-chlú a tharraingítear ar am scáileáin agus lobhadh inchinne.

Rud iontach is ea an consól cluichí gan aon agó agus, de réir dealraimh, níl teorainn leis na féidearthachtaí atá ag baint leis. Is breá le daoine óga a bheith ag imirt cluichí air - agus, go siúráilte, is mó an pléisiúr agus an suaimhneas a thugann sé sin dúinn. Ach, ag an am céanna, ba chóir dúinn aird a thabhairt ar chomhairle saineolaithe. De réir an taighde is déanaí, i measc páistí a chaitheann níos mó ná 9 uaireanta in aghaidh na seachtaine ar chonsól cluichí, bhí fadhbanna iompar, coimhlint le comhoibrithe, agus laghdú ar iompar sóisialta dearfach mar na tionchair is mó a bhí le feiceáil.

Dá bhrí sin, a dhaoine uaisle, is cinnte gur rud iontach í an teicneolaíocht a fhad is a bhímid cúramach léi. Ag deireadh an lae, áfadh, is mór an dochar a dhéanann an teicneolaíocht do dhaoine óga nach mbaineann an leas ceart aisti.


## Gluais

ré *era*
siamsa *entertainment*
práinn *emergency*
diúltach *negative*
cumarsáid *communication*
consól cluichí *gaming console*
saineolaí *expert*
cumas *power*
tairbhe *benefit*
teagmháil *contact*
fadhb iompar *behavior problem*
coimhlint le comhoibrithe *peer conflicts*
iompar sóisialta dearfach *prosocial tendencies*
taighde *research*
droch-chlú *ill-fame*

## Obair duit!

Scríobh an chaint a thabharfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin seo - *'Leanann aos óg an lae inniu an dea-chomhairle a thugtar dóibh maidir leis an teicneolaíocht'*

**Cuir gach ceann de na focail seo in abairt dá chuid féin:**



*teicneolaíocht bogearraí tairbhe*
*teagmháil diúltach práinn*